



CINNEADH (AE) 2026/564 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 13 Feabhra 2026

maidir le tarmligean na cumhachta chun cinntí a ghlacadh maidir le cumaisc, deighiltí agus éadálacha sealúchas ábhartha (BCE/2026/5)

TÁ COMHAIRLE RIALAITHE AN BHAINC CEANNAIS EORPAIGH

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 ón gComhairle an 15 Deireadh Fómhair 2013 lena dtugtar cúraimí sonracha don Bhanc Ceannais Eorpach maidir le beartais a bhaineann le maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 4(1), pointí (d) agus (e), agus Airteagail 4(3) agus 9(1) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2017/933 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Samhain 2016 maidir le creat ginearálta chun cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligean le haghaidh ionstraimí dlí a bhaineann le cúraimí maoirseachta (BCE/2016/40) ⁽²⁾, agus go háirithe Airteagal 4 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi chuimsiú Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, cuireann an Banc Ceannais Eorpach (BCE) i gcrích an cúram eisiach maoirseacht a dhéanamh ar institiúidí creidmheasa agus é mar aidhm leis cur i bhfeidhm comhsheasmhach caighdeán maoirseachta a áirithiú, cobhsaíocht airgeadais a chothú agus cothroime iomaíochta a áirithiú.
- (2) De bhun an dara fomhír d'Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, chun na cúraimí a thugtar dó le hAirteagal 4 den Rialachán sin a chomhlíonadh, tá na cumhachtaí agus na hoibleagáidí uile a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, mar aon leis na cumhachtaí agus na hoibleagáidí uile atá ag údarais inniúla faoi dlí ábhartha an Aontais, ag BCE.
- (3) De bhun leasuithe ar Threoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾ a tugadh isteach le Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾ le héifeacht ón 11 Eanáir 2026, tá ar fáil do mhaoirseoirí na n-institiúidí creidmheasana na cumhachtaí maoirseachta uile lena gcuirtear ar a gcumas na hoibríochtaí ábhartha is féidir leis na heintitis faoi mhaoirseacht a dhéanamh a chumhdach. Dá bhrí sin, tá sé de chumhacht ag BCE cinntí a dhéanamh i bhfeidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta arna ndeonú de bhun Threoir 2013/36/AE i gcásanna cumasc, deighiltí nó éadálacha sealúchas ábhartha lena mbaineann eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht. Tá sé sin sa bhreis ar chumhachtaí BCE cinntí mhaoirseachta a dhéanamh i bhfeidhmiú na gcumhachtaí arna ndeonú faoin dlí náisiúnta.
- (4) Foráiltear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 nach mór do BCE dlí ábhartha uile an Aontais, agus i gcás ina bhfuil an dlí sin de chuid an Aontais comhdhéanta de Threoracha, an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear na Treoracha sin, a chur i bhfeidhm.
- (5) Chun an próiseas cinnteoireachta a éascú, tá gá le cinneadh tarmligin maidir le cinntí a ghlacadh i ndáil le cumaisc, deighiltí nó éadálacha sealúchas ábhartha. D'aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur gá údarás a tharmligean chun go gcuasófar d'institiúid a gceanglaítear uirthi líon suntasach cinntí a ghlacadh a cuid dualgas a chomhlíonadh. Ar an gcaoi chéanna, d'aithin sí gur gá a áirithiú gur féidir le comhlachtaí cinnteoireachta feidhmiú, agus gur prionsabal é sin a bhaineann go dlúth leis na córais institiúideacha uile ⁽⁵⁾.

⁽¹⁾ IO L 287, 29.10.2013, lch. 63, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1024/oj>.

⁽²⁾ IO L 141, 1.6.2017, lch. 14, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2017/933/oj>.

⁽³⁾ Treoir 2013/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le rochtain ar ghníomhaíocht institiúidí creidmheasa agus maoirseacht stuamachta ar institiúidí creidmheasa, lena leasaítear Treoir 2002/87/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/48/CE agus Treoir 2006/49/CE (IO L 176, 27.6.2013, lch. 338, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2013/36/oj>).

⁽⁴⁾ Treoir (AE) 2024/1619 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 2024 lena leasaítear Treoir 2013/36/AE a mhéid a bhaineann le cumhachtaí maoirseachta, smachtbhannaí, brainsí tríú tír, agus rioscaí comhshaoil, sóisialta, agus rialachais (IO L, 2024/1619, 19.6.2024, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1619/oj>).

⁽⁵⁾ Féach, mar shampla, breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 23 Meán Fómhair 1986, *AKZO Chemie v an Coimisiún*, 5/85, ECLI:EU:C:1986:328, mír 37; agus breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 26 Bealtaine 2005, *Carmine Salvatore Tralli v BCE*, C-301/02 P, ECLI:EU:C:2005:306, mír 59.

- (6) Ba cheart tarmligeán cumhachtaí cinnteoireachta a bheith teoranta agus comhréireach, agus ba cheart raon feidhme an tarmiligin a shainiú go soiléir.
- (7) Agus na critéir á leagan síos maidir le tarmligeán cinntí arna ndéanamh i bhfeidhmiú cumhachtaí maoirseachta arna ndeónú de bhun Threoir 2013/36/AE i gcásanna cumasc, deighiltí nó éadálacha sealúchas ábharach lena mbaineann eintitis shuntasacha faoi mhaoirseacht, is iomchuí critéir áirithe a bheith infheidhme ar feadh tréimhse trí bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach na hoibríochta ábhartha. Is amhlaidh atá toisc go gcumhdaítear an tréimhse sin sna doiciméid a thíolacann an t-eintiteas ábhartha faoi mhaoirseacht i ndáil leis an measúnú ar an oibríocht ábhartha.
- (8) Sonraítear i gCinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40) an nós imeachta atá le leanúint le haghaidh glacadh cinntí tarmiligin a bhaineann le maoirseacht mar aon leis na daoine a bhféadfar cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligeán chucu. Ní dhéantar difear leis an gCinneadh sin d'fheidhmiú a churaimí maoirseachta ag BCE agus tá sé gan dochar d'inniúlacht an Bhoird Maoirseachta dréachtchinní iomlána a mholadh don Chomhairle Rialaithe.
- (9) I gcás nach gcomhlíontar na critéir chun cinneadh tarmilgthe a ghlacadh, mar a leagtar síos sa Chinneadh seo, ba cheart cinntí a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta neamhagóide a leagtar amach in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 13g de Chinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽⁶⁾. Thairis sin, ba cheart an nós imeachta neamhagóide a úsáid freisin má tá ábhair imní ag na cinn aonaid oibre maidir le critéir mheasúnaithe a chomhlíonadh mar gheall ar chastacht an mheasúnaithe, íogaireacht an ábhair – i dtéarmaí an tionchair ar chlú BCE agus/nó ar fheidhmiú an tSásra Maoirseachta Aonair – nó idirnascthacht chinneadh BCE maidir le cumasc, deighilt nó éadail sealúchais ábharraigh le cinneadh amháin eile nó níos mó a éilíonn formheas maoirseachta.
- (10) Féadfar cinntí maoirseachta ó BCE a chur faoi athbhreithniú riaracháin de bhun Airteagal 24 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus mar a shonraítear tuilleadh i gCinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach ⁽⁷⁾. I gcás athbhreithniú riaracháin den sórt sin, ba cheart don Bhord Maoirseachta tuairim an Bhoird Riaracháin Athbhreithnithe a chur san áireamh agus dréachtchinneadh nua a chur faoi bhráid na Comhairle Rialaithe lena ghlacadh faoin nós imeachta neamhagóide.
- (11) Ós rud é gur tháinig na leasuithe a tugadh isteach ar Threoir 2013/36/AE i bhfeidhm ón 11 Eanáir 2026, is iomchuí gur féidir cinntí i bhfeidhmiú cumhachtaí maoirseachta arna ndeónú de bhun na Treorach sin a tharmligeán i gcomhréir leis an gcinneadh seo a luaithe is féidir tar éis an dáta sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Sainmhínithe

Chun críocha an Chinnidh seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (1) ciallaíonn ‘cúsc’ oibríocht mar a shainmhínítear in Airteagal 27h, an tríú fomhír, pointe (1) de Threoir 2013/36/AE;
- (2) ciallaíonn ‘deighilt’ oibríocht mar a shainmhínítear in Airteagal 27h, an tríú fomhír, pointe (2) de Threoir 2013/36/AE;
- (3) ciallaíonn ‘sealúchas ábharach a fháil’ sealúchas a fháil a mheastar a bheith ábhartha de bhun Airteagal 27a(2) de Threoir 2013/36/AE;
- (4) ciallaíonn ‘eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht’ eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht mar a shainmhínítear i bpointe (16) d’Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2014/17) ⁽⁸⁾;

⁽⁶⁾ Cinneadh BCE/2004/2 ón mBanc Ceannais Eorpach an 19 Feabhra 2004 ag glacadh Rialacha Níos Imeachta an Bhainc Cheannais Eorpaigh (IO L 80, 18.3.2004, lch. 33, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2004/257/oj>).

⁽⁷⁾ Cinneadh BCE/2014/16 ón mBanc Ceannais Eorpach an 14 Aibreán 2014 maidir le Bord Riaracháin Athbhreithnithe a bhunú agus a Rialacha Oibríocháin (IO L 175, 14.6.2014, lch. 47, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2014/360/oj>).

⁽⁸⁾ Rialachán (AE) Uimh. 468/2014 ón mBanc Ceannais Eorpach an 16 Aibreán 2014 lena mbunaítear an creat um chomhar laistigh den Sásra Aonair Maoirseachta idir an Banc Ceannais Eorpach agus na húdaráis inniúla náisiúnta agus le húdaráis ainmnithe náisiúnta (Creat-Rialachán SAM) (BCE/2014/17) (IO L 141, 14.5.2014, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2014/468/oj>).

- (5) tá le 'cinneadh tarmligthe' an bhrí chéanna atá leis in Airteagal 3, pointe (4) de Chinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40);
- (6) ciallaíonn 'nós imeachta neamhagóide' an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 26(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 agus a shonraítear tuilleadh in Airteagal 13g de Chinneadh BCE/2004/2;
- (7) ciallaíonn 'ceann aonaid oibre' duine de chuid BCE a dtarmligtear an chumhacht chuige cinntí a ghlacadh maidir le cumaisc, deighiltí agus éadálacha sealúchas ábhartha;
- (8) ciallaíonn 'íogaireacht' saintréith nó toisc a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar chlú BCE agus/nó ar fheidhmiú éifeachtach agus comhsheasmhach an tSásra Aonair Maoirseachta, lena n-áirítear aon cheann díobh seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh: (a) i gcás ina raibh an t-eintiteas ábhartha faoi mhaoirseacht roimhe seo, nó i gcás ina bhfuil sé faoi réir dianbhearta maoirseachta amhail bearta idirghabhála luath; (b) socrófar leis an dréachtchinneadh a luaithe a ghlacfar é fasach nua a d'fhéadfadh BCE a cheangal amach anseo; (c) féadfaidh an dréachtchinneadh a luaithe a ghlacfar é aird dhiúltach ó na meáin nó ón bpobal a tharraingt; nó (d) má dhéanann údarás inniúil náisiúnta a chuaigh i ndlúthchomhar le BCE a easaontas leis an dréachtchinneadh atá beartaithe a chur in iúl do BCE;
- (9) ciallaíonn 'cinneadh a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí maoirseachta arna ndeonú de bhun dhlí an Aontais': (a) cinneadh maoirseachta; (b) measúnú dearfach a fhorhneas i gcás nach gceanglaítear cinneadh maoirseachta faoi dhlí an Aontais; (c) treoir atá dírithe, de bhun Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013, ar na húdaráis inniúla náisiúnta a bhfuil dlúthchomhar bunaithe ag BCE leo;
- (10) ciallaíonn 'cinneadh diúltach' cinneadh nach dtugann nó nach dtugann go hiomlán an formheas arna iarraidh sin ag an eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht. Déanfar cinneadh le forálacha coimhdeacha amhail coinníollacha nó oibleagáidí a mheas mar chinneadh diúltach mura n-áirithítear leis na forálacha coimhdeacha sin (a) go gcomhlíonann an t-eintiteas faoi mhaoirseacht na ceanglais dhlíthiúla ábhartha a leagtar amach sna forálacha is infheidhme de dhlí an Aontais, mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta iad, agus gur comhaontaíodh i scríbhinn iad, nó (b) nach ndéantar leo ach ceann amháin nó níos mó de na ceanglais atá ann cheana nach mór don institiúid a chomhlíonadh de bhun fhorálacha dhlí an Aontais, mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta iad, a athshonrú, nó faisnéis a éileamh maidir le ceann amháin nó níos mó de na ceanglais sin a chomhlíonadh;
- (11) ciallaíonn 'cinneadh SREP' an cinneadh arna ghlacadh ag BCE ar bhonn Airteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013 tar éis an phróisis bhliantúil athbhreithnithe maoirseachta agus meastóireachta de réir bhrí Airteagal 97 de Threoir 2013/36/AE agus lena mbunaítear ceanglais stuamachta;
- (12) ciallaíonn 'cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1', 'cóimheas caipitil Leibhéal 1' agus 'cóimheas caipitil iomlán' cóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, cóimheas caipitil Leibhéal 1 agus cóimheas caipitil iomlán, faoi seach, dá dtagraítear in Airteagal 92(2) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁽⁹⁾;
- (13) ciallaíonn 'caighdeáin choibhéiseacha mhaoirseachta agus rialála' ceanglais nó socruithe maoirseachta agus rialála arna gcur i bhfeidhm ag tríú tír nó ag tríú críoch a aithníonn an Coimisiún Eorpach a bheith coibhéiseach leo siúd a chuirtear i bhfeidhm san Aontas i gcomhréir le hAirteagail 107(4) agus 114(7), an dara mír, de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.

Airteagal 2

Ábhar agus raon feidhme

1. Sonraítear sa Chinneadh seo na critéir maidir le cumhachtaí cinnteoireachta a tharmligeann chuig cinn aonaid oibre chun cinntí a ghlacadh a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí maoirseachta arna ndeonú de bhun dhlí an Aontais maidir leis an méid seo a leanas: (a) cumaisc lena mbaineann eintiteas suntasach amháin faoi mhaoirseacht ar a laghad; (b) rannáin inar eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht é an t-eintiteas a dhéanann an oibríocht; agus (c) éadálacha sealúchas ábhartha in institiúidí creidmheasa nó in institiúidí neamhchreidmheasa ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht.
2. Tá tarmligeann na gcumhachtaí cinnteoireachta gan dochar do mheasúnú maoirseachta a dhéanamh maidir le cumaisc, deighiltí agus éadálacha sealúchas ábhartha.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 maidir le ceanglais stuamachta i gcomhair institiúidí creidmheasa agus gnólaachtaí infheistíochta, agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 648/2012 (IO L 176, 27.6.2013, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2013/575/oj>).

*Airteagal 3***Tarmligean cinntí a dhéantar i bhfeidhmiú cumhachtaí maoirseachta faoi dhlí an Aontais maidir le cumaisc, deighiltí agus éadálacha sealúchas ábharach**

1. I gcomhréir le hAirteagal 4 de Chinneadh (AE) 2017/933 (BCE/2016/40), tarmligeann an Chomhairle Rialaithe leis seo chuig cinn aonaid oibre BCE, arna n-ainmniú ag an mBord Feidhmiúcháin i gcomhréir le hAirteagal 5 den Chinneadh sin, an chumhacht chun cinntí a ghlacadh arna nglacadh i bhfeidhmiú na gcumhachtaí maoirseachta arna ndeonú de bhun dhlí an Aontais maidir le cumaisc, deighiltí agus éadálacha sealúchas ábhartha.
2. Glacfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar na critéir ábhartha chun cinntí tarmligthe a ghlacadh a leagtar amach in Airteagail 4, 5 agus 6.
3. Ní ghlacfar na cinntí dá dtagraítear i mír 1 trí bhíthin cinneadh tarmligthe má éilíonn castacht an mheasúnaithe nó íogaireacht an ábhair go nglacfar iad faoin nós imeachta neamhagóide.
4. Cuirfidh cinn aonad oibre cinneadh dá dtagraítear i mír 1 agus a chomhlíonann na critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh a leagtar amach in Airteagail 4 go 6 faoi bhráid an Bhoird Maoirseachta agus na Comhairle Rialaithe lena ghlacadh faoin nós imeachta neamhagóide má bhíonn tionchar díreach ag an measúnú maoirseachta ar an gcinneadh sin ar mheasúnú maoirseachta ar chinneadh eile atá le glacadh faoin nós imeachta neamhagóide.
5. Ní ghlacfar cinntí diúltacha trí bhíthin cinneadh tarmligthe.
6. I gcás nach bhféadfar cinneadh a ghlacadh trí bhíthin cinneadh tarmligthe, glacfar é i gcomhréir leis an nós imeachta neamhagóide.

*Airteagal 4***Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh maidir le cumaisc**

1. Déanfar cinntí maidir le formheas cumasc lena mbaineann eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht amháin ar a laghad trí bhíthin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar gach ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) tá an tionchar ar chistí dílse an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht a eascraíonn as an gcumasc, ar bhonn comhdhlúite agus ar bhonn aonair araon, teoranta, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag na nithe uile seo a leanas:
 - (i) ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach an chumaisc, gur mó na cistí dílse ná suim na nithe seo a leanas: (1) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (2) na cistí dílse a cheanglaítear a shealbhú i gcomhréir le hAirteagal 16(2), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013; (3) an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE; agus (4) i gcás inarb infheidhme, treoir chaipitil Cholún 2 mar a leagtar amach sa chinneadh SREP deireanach atá ar fáil ón eintiteas éadála faoi mhaoirseacht;
 - (ii) gur lú ná 100 bonnphointe tionchar an laghdaithe ar chóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ar chóimheas caipitil Leibhéal 1 agus ar an gcóimheas caipitil iomlán, nó, ar feadh trí bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach an chumaisc, go ndéanfar comhiomlán na gceanglas, agus i gcás inarb infheidhme, an treoir, dá dtagraítear i bpointe (i), a shárú le seacht bpointe céatadáin ar a laghad;
 - (b) tá an tionchar ar staid leachtachta an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht a eascraíonn as an gcumasc teoranta, rud a chiallaíonn go mbeidh feidhm ag na nithe uile seo a leanas ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach an chumaisc:
 - (i) tá an cóimheas cumhdaigh ar leachtacht (liquidity coverage ratio, LCR) agus an cóimheas glanchistiúcháin chobhsaí (net stable funding ratio, NSFR) fós os cionn 110 % agus tá siad os cionn aon cheanglas leachtachta a leagtar amach sa chinneadh SREP is déanaí atá ar fáil, má tá siad sin níos airde ná ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (ii) ar an leibhéal comhdhlúite, ní dhéantar an LCR ná NSFR a laghdú níos mó ná 50 %;
 - (c) ní díol imní ó thaobh maoirseachta é struchtúr rialachais an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht atá mar thoradh ar an gcumasc.
2. Déanfar an measúnú ar chumaisc i gcomhréir le hAirteagal 27j de Threoir 2013/36/AE mar a thrasuítear sa dlí náisiúnta é.

*Airteagal 5***Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh maidir le deighiltí**

1. Déanfar cinntí maidir le formheas deighiltí inar eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht é an t-eintiteas a bhfuil an oibríocht á déanamh aige trí bhithin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar gach ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) tá an tionchar ar chistí dílse an eintitis nó na n-eintiteas faoi mhaoirseacht atá páirteach sa deighilt, ar bhonn comhdhlúite agus ar bhonn aonair araon, teoranta, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag na nithe uile seo a leanas:
 - (i) ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach na deighilte, gur mó na cistí dílse ná suim na nithe seo a leanas: (1) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (2) na cistí dílse a cheanglaítear a shealbhú i gcomhréir le hAirteagal 16(2), pointe (a) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013; (3) an ceanglas maoláin chomhcheangailte mar a shainmhínítear in Airteagal 128, pointe (6), de Threoir 2013/36/AE; agus (4) i gcás inarb infheidhme, treoir chaipitil Cholún 2 mar a leagtar amach sa chinneadh SREP deireanach;
 - (ii) gur lú ná 100 bonnphointe tionchar an laghdaithe ar chóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ar chóimheas caipitil Leibhéal 1 agus ar an gcóimheas caipitil iomlán, nó, ar feadh trí bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach na deighilte, go ndéanfar comhiomlán na gceanglas, agus i gcás inarb infheidhme, an treoir, dá dtagraítear i bpointe (i), a shárú le seacht bpointe céatadáin ar a laghad;
 - (b) tá teorainn leis an tionchar ar staid leachtachta an eintitis nó na n-eintiteas faoi mhaoirseacht atá páirteach sa deighilt, rud a chiallaíonn go mbeidh feidhm ag na nithe uile seo a leanas ar feadh 3 bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach na deighilte:
 - (i) tá LCR agus NSFR fós os cionn 110 % agus tá siad os cionn aon cheanglas leachtachta a leagtar amach sa chinneadh SREP is déanaí atá ar fáil, má tá siad sin níos airde ná ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (ii) ar an leibhéal comhdhlúite, ní dhéantar an LCR ná NSFR a laghdú níos mó ná 50 %;
 - (c) ní ábhar imní maoirseachta é struchtúr rialachais an eintitis nó na n-eintiteas faoi mhaoirseacht a bhfuil baint acu leis an deighilt.
2. Déanfar an measúnú ar dheighilt i gcomhréir le hAirteagal 27j de Threoir 2013/36/AE mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta é.

*Airteagal 6***Critéir maidir le cinntí tarmligthe a ghlacadh i ndáil le héadálacha sealúchas ábhartha**

1. Déanfar cinntí maidir le formheas éadálacha sealúchas ábhartha in institiúidí creidmheasa nó in institiúidí neamhchreidmheasa ag eintiteas suntasach faoi mhaoirseacht trí bhithin cinneadh tarmligthe má chomhlíontar gach ceann de na critéir seo a leanas:
 - (a) tá an tionchar ar chistí dílse an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht éadála, ar bhonn comhdhlúite agus ar bhonn aonair araon, teoranta, rud a chiallaíonn go bhfuil feidhm ag na nithe uile seo a leanas:
 - (i) ar feadh 3 bliana ar a laghad ón dáta éifeachtach chun an sealúchas ábharach a fháil, gur mó na cistí dílse ná suim na nithe seo a leanas: (1) na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 92(1) de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013; (2) na cistí dílse a cheanglaítear a shealbhú i gcomhréir le hAirteagal 16(2)(a) de Rialachán (AE) Uimh. 1024/2013; (3) an ceanglas maoláin chomhcheangailte faoi mar a shainmhínítear é i bpointe (6) d'Airteagal 128 de Threoir 2013/36/AE; agus (4) i gcás inarb infheidhme, treoir chaipitil Cholún 2 mar a leagtar amach sa chinneadh deireanach de chuid SREP atá ar fáil;
 - (ii) gur lú ná 100 bonnphointe tionchar an laghdaithe ar chóimheas caipitil Ghnáthchothromas Leibhéal 1, ar chóimheas caipitil Leibhéal 1 agus ar an gcóimheas caipitil iomlán, nó, ar feadh trí bliana ar a laghad ó dháta éifeachtach an sealúchas ábharach a fháil, go ndéanfar comhiomlán na gceanglas, agus i gcás inarb infheidhme, an treoir, dá dtagraítear i bpointe (i), a shárú le seacht bpointe céatadáin ar a laghad;
 - (b) tá an tionchar ar staid leachtachta an eintitis shuntasaigh faoi mhaoirseacht is faighteoir teoranta, rud a chiallaíonn go mbeidh feidhm ag na nithe uile seo a leanas ar feadh 3 bliana ar a laghad ón dáta éifeachtach a fhaightear an sealúchas ábharach:
 - (i) tá LCR agus NSFR fós os cionn 110 % agus tá siad os cionn aon cheanglas leachtachta a leagtar amach sa chinneadh SREP is déanaí atá ar fáil, má tá siad sin níos airde ná ceanglais Rialachán (AE) Uimh. 575/2013;
 - (ii) ar an leibhéal comhdhlúite, ní dhéantar an LCR ná NSFR a laghdú níos mó ná 50 %;
 - (c) tá an sprioc-eintiteas bunaithe san Aontas nó sa Limistéar Eorpach Eacnamaíoch, nó i dtríú tír nó i dtríú críoch ag a bhfuil caighdeáin mhaoirseachta

2. Déanfar an measúnú ar éadálacha sealúchas i gcomhréir le hAirteagal 27b de Threoir 2013/36/AE mar a thrasuitear sa dlí náisiúnta é.

Airteagal 7

Foráil idirthréimhseach

Ní bheidh feidhm ag an gCinneadh seo i gcásanna inar cuireadh an fógra faoi aon cheann de na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 3(1) faoi bhráid BCE roimh theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo.

Airteagal 8

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an cúigiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, an 13 Feabhra 2026.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE
